Eoghan Ó Murchadha

BÁC

An mbaineann an freagra seo le tuairim phearsanta an fhreagróra nó an bhfuil sé déanta thar ceann na heagraíochta thuasluaite?

Pearsanta

An bhfuil tú toilteanach go bhfoilseofar an freagra seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.ahg.gov.ie?

Tá

Cumarsáid faoi alt 9 den Acht (Litreacha, ríomhphoist & cora poist)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cumarsáid a fhreagairt sa teanga ina bhfuarthas í;
- Faisnéis i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a eisiúint i nGaeilge nó go dátheangach.

1. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Is gá go mbeadh an mhír seo níos láidre, ba chóir go dtosófaí le leagan Gaeilge a chur amach (os í an phríomhtheanga oifigiúil í) agus ansin athrú más mian leis an saoranach é. Is gá go bhfreagrófaí daoine ina rogha teanga gan amhras

Foilseacháin faoi alt 10 den Acht
Dualgais reatha faoin Acht:

- Doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise srl.

2. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Ní leor na dualgais seo, mar gur minic a chuirtear a leithéid de fhoilseacháin i bhfolach nó go mbíonn sé folaithe faoi ainm Béarla, nó ar shuíomh nach bhfuil aon Ghaeilge ann. Ní iarraim aon leagan Béarla agus b'fhearr liom nach mbeadh a leithéid ann. B'fhearr liom go bhfoilseofaí go leictreonach aon doiciméad mar atá thuas. Más rud é go bhfuil doiciméid le foilsiú go dátheangach bíodh se comhuineach in aon leagan amháin (sé sin leabhrán amháin don dá theanga) ach má tá neamart le déanamh ar theanga amháin, déantar neamart ar an mBéarla)

Comharthaí, stáiseanóireacht & fógairtí taifeadta béil faoi na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cloí leis na Rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil.

3. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Níl leor, agus tá ag teip orthu, is rí-annamh gur chuala mé fógairtí taifeadta béil as Gaeilge, agus is léir mar sin nach bhfuil an fhoráil seo láidir a dhóthain, bíodh ceagail níos déine- airgid/eile ar na comhlachtaí stait nach ndéanann mar a leagann an t-Acht amach. Caithfidh rialacha soiléire dochta, a chuirfear i bhfeidhm, a bheith ann faoi chaighdeán agus iomláine na Gaeilge ar Chomharthaí, stáiseanóireacht, as 10 gcinn de chomhlachtaí stáit a raibh roinnt Ghaeilge ar an stáiseanóireacht acu a chonac agus mé ag obair go páirtaimseartha in oifig ní dóigh liom go raibh AON CHEANN ACU CRUINN! Ní hamháin sin ach bhí an chuid ba mhó ach easnamhach. Caithfear cinntiú nach mbeidh botúin sna comharthaí agus go sonrach ó thaobh na gcomharthaí bóthair, caithfidh an Ghaeilge a bheith chun cinn ar an mBéarla nó ar a laghad ar chomchéim leis, nó is ag magadh ar fad atá an stát faoi chúrsaí na Gaeilge, seafóid atá sna litreach beaga maslacha Iodáileacha, anuas air sin tá an oiread sin de bhotúin iontu, caithfidh duine lárnach /coiste a bheith freagrach as seo mar nuair a chuirtear in airde iad ní bhainfear an chuid is mó acu go ceann saol an ruda. Táim ag déanamh go bhfuil ar a laghad 20% de chomharthaí bóthair an stáit as Gaeilge míchruinn. Tá sé seo náireach, agus seans go stopfadh faomhadh lárchomhairle/coiste é.

Scéimeanna Teanga faoin Acht
Is iad na scéimeanna teanga croílár an Achta Teanga. Leagtar amach sna scéimeanna teanga an córas trína bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge thar thréimhse ama. Is trí na scéimeanna teanga a dhéileáiltear le húsáid na Gaeilge ar shuíomhanna gréasáin, ar bhileoga, ar bhróisiúir, ar fhoirmeacha, trí sheirbhísí teileafóin, trí sheirbhísí idirphearsanta eile, trí sheirbhísí ar líne srl.

4. (a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?
Nil sé sásúil mar nach gá do dhreamanna scéimeanna a dhaingniú, is gá go mbeadh fórsa dlí ann agus go ngearrfaí píonós orthu siúd nach gcloínn leis an sceim, nó nach ndéanann scéim fiú. Chomh maith ní chóir go dteoranódh scéim na héilimh a bheadh ceadaithe, níl aon fáth nach mbeadh gach seirbhís ar fáil sa phríomhtheanga oifigiúil.

4. (b) An bhfuil malairt córais a mholfá a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?
Go nglacfaí gach comhlacht stáit (a fhaigheann tacaíocht airgid ón stáit, nó comhlachtaí atá ar conradh acu sin) mar chomhlacht faoin Acht agus go mbeadh orthu gach seirbhís a chur ar fáil sa phríomhtheanga oifigiúil, mura ndéanfaí amhlaidh ba chóir gearradh siar ar bhuiséad na heagraíochta céanna.

Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht
Sa chaoi is gur féidir leis an Stát tacú le stádas agus le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach go mbeidh pobal na Gaeltachta ábalta a ngnóthaí oifigiúla a dhéanamh leis an Stát trí Ghaeilge.

5. (a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?
Níl, ba chóir go mbeadh ar dhaoine iarradh le seirbhís Bhéarla a fháil agus ní a mhalairt.

5. (b) An bhfuil leasuithe a mholfá a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?
Níor chóir go bhfostófaí ach daoine ata inniúil ar an nGaeilge sa Ghaeltacht. Daoine ata fostaithe cheana ba chóir tréimhse bliana a thabhairt dóibh le teacht suas chun caighdeáin agus mura mbeadh sin deánta acu ba chóir iad a ligeann chun bóthair. Ba chóir go rithfí eagraiochtaí stáit taobh istigh den Ghaeltacht trí Ghaeilge amháin.

Forálacha eile faoin Acht
Tá forálacha eile san Acht a dhaingníonn cearta maidir le húsáid na Gaeilge san Oireachtas, sna cúirteanna agus i gcóras logainmneacha an Stáit.

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Ba chóir go mbeadh an t-acht níos láidre anseo ach rá go bhfuil ceart ag daoine an Ghaeilge amháin a úsáid san Oireachtas. Is léir fadhbanna bunúsacha sna cúirteanna o thaobh úsaid na Gaeilge, ba chóir go mbeadh dualgas ar an stát cás Gaeilge a chur i gcoinne einne a bheadh ag cur cáis as Gaeilge. Ba chóir go mbeadh riachtanas Gaeilge do bhreithiúna (sa phríomhtheanga oifigiúil atá an leagan údarásach den Bhunreacht) Níor chóir go mbeadh aon dualgas riamh ar éinne tiontú ar an mBéarla (mar atá) Sa chás go bhfuil an-chosúlacht idir logainm Gaeilge agus Béarla in áit airithe ba chóir fáil réidh leis an logainm Béarla, ba chóir do fhógraíocht,comharthaí/amrgaiocht stáit tús áite a thabhairt do leaganacha Gaeilge. Sa Ghaeltacht níor chóir údarás ar bith a bheith ag logainmneacha Béarla.

Comhlachtaí poiblí faoin Acht
Cuireann an tAcht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, atá liostaithe faoin Acht, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht ar fáil ag www.ahg.gov.ie.
Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas liostaithe faoin Acht – Ranna agus oifigí Rialtais, údaráis áitiúla, ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal eile, coistí gairmoideachais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí, boird & cuideachtaí Stáit eile.

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?
Ba chóir gach comhlacht poiblí a fhaigheann tacaíocht airgid stáit(dá laghad é) a chur air, aon chomhlachtaí príobháideacha (agus iad ag feidhmiú dóibh) agus aon chomhlacht príobháideach go bhfuil dualgas reachtúil ar dhaoine dul ina muinín (árachas gluaisteáin, cuntasaíocht bainc, agus araile agus éinne eile a mbíonn plé ag an bpobal leo, is atá nasctha leis an stát (siopaí in ollscoileanna agus a leithéid sin). Aon chomhlacht bia nó leighis atá ag cur eolais sláinte nó aon chineál eile eolais ar fáil faoi reachtaíocht. Go sonrach na bainc a tháinig i seilbh an stáit le tamall.

Oifig an Choimisinéara Teanga
Is faoin Acht a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é príomhról na hOifige ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta.

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?
Ní leor na cumhachtaí atá ag Oifig an Choimisinéara Teanga, mar atá fiú, gan trácht ar an lagú atá i ndán dó mas fíor. Ba chóir go mbeadh cead aige píonós a ghearradh ar chomhlachtaí stáit no eile (mar a luadh thuas) agus a gcuid buiséad a laghdú suas go 10%, no ceangail dlí a bhrú orthu tabhairt faoi rud éigin no éirí as rud éigin. Bheith dian ar An Post a dhiúltaíonn glacadh leis an nGaeilge agus a deir 'wrong address' cé gur seoladh ceart Gaeilge atá ann, is léir roinnt daoine bheith á dhéanamh seo d'aon ghnó, ba chóir go mbeadh cumhacht ag an gCoimisineir na daoine seo a bhriseadh óna bpostanna má cruthaítear go raibh siad ag diúltú caitheamh le seoltaí Gaeilge mar is ceart.

Go ginearálta

9. An bhfuil leasuithe eile a mholfá ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?
Tuilleadh cumhachtaí don Choimisinéir, go gcuirfí gach comhlacht stáit leis an liosta, nó go mbeadh dualgas ar an aire gaeltachta athbhreithniú a dhéanamh go rialta (gach 3 mhí, nó 6 mhí ar a mhéad)

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?
Comharthaíocht a mbeadh an Ghaeilge níos mó ann nó ar chomhchéim ar a laghad(seo an rud is tábhachtaí ar fad dar liom-is iad comharthaí an rud is feiceálaí faoin tír) Suíomhanna idirlín a bheith go hiomlán gaelaithe agus ceart agus inúsáide, chomh maith leis na scéalta is deanaí, duine nó beirt i ngach oifig poiblí a bheadh in ann plé le daoine as Gaeilge, agus a bheadh ann i gcónaí. na foirmeacha is mó úsáide, suíomh idirlín RTÉ (lánBhéarla)

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?
Easpa iarrachta an státchórais, eapsa fonn ar pholaiteoirí agus idir fhuath agus dhímheas cuid de oifigigh na n-eagraíochtaí seo (daoine sinsearacha ina measc). Drogall ar dhaoine iarracht Gaeilge a fhoghlaim/labhairt, leisciúlacht, dearmad de bharr eapsa suime(seo an fáth gur gá píonós, le nach néafar dearmad ar thábhacht na teanga)

12. Céard iad na leasuithe a mholfá ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?
Sraith de ranganna Gaeilge ar-líne a fhorbairt i gcomhpháirt leis an bpobal a chuirfeadh ar chumas oibrithe Gaeilge a labhairt, a bheadh saor in aisce. Plean 'Gaeilge Éasca' a chur go gach ball (go leictreonach) de na heagraíochtaí seo a thabharfadh frásaí símplí Gaeilge ar Dia Dhuit/Conas ata? An feidir liom cabhrú leat? Slán, Go raibh maith agat. agus go molfaí do dhaoine iad seo a úsáid i gcónaí. Cinntiú go bhfuil gach rud ar fáil go leictreonach, díreach daoine le cumas sa Ghaeilge a fhostú, arduithe céime a thabhairt doibh siúd atá in ann Gaeilge a labhairt/a mhúineadh do dhaoine eile. 6 mhí agus bliain a thabhairt do gach oibrí cur lena gcumas go caighdeán sách maith agus mura n-éiríonn leo, daoine a bhfuil Gaeilge acu a fhostú. Ba chóir go mbeadh Cineál Tzár na Gaeilge ann sa bhreis ar an gCoimisinéir a bheadh in ann déileáil el fadhbann foiren/teicniúla/eile a bhainfeadh le Gaeilge agus a chinnteodh go mbeadh seirbhís ar fáil don té a dhéanann gearán (leis an gCoimisineir is minic nach dtagann feabhas ar an scéal go ceann blianta)